

An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2026
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0238 (COD)

10087/26
ADD 2

COH 100
RELEX 773
FIN 810
CADREFIN 260
POLGEN 145
CODEC 1086

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Réigiúnach lena n-áirítear le haghaidh Comhar Críochach Eorpach (Interreg) agus lena mbunaítear freisin an Ciste Comhtháthaithe mar chuid den Chiste a leagtar amach i Rialachán (AE) [...] [CNR] agus lena mbunaítear coinníollacha maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais don fhorbairt réigiúnach ó 2028 go 2034 – <i>Cur chuige ginearálta páirteach</i> = <i>Ráiteas ón tSlóvaic</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ón tSlóvaic atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle.

RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC

Cé go n-aithníonn an tSlóvaic an dul chun cinn a rinneadh maidir le dréacht-Rialachán CFRE, tacaíonn sí leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun rialacha níos simplí, níos réadúla agus níos inoibrithe a bhunú don chlárthréimhse a bheidh ann amach anseo, a mbeidh athrú dearfach ar an iomlán do réigiúin agus do dhaoine mar thoradh orthu.

Is díol sásaimh dúinn na leasuithe a rinneadh ar Airteagal 12a(5) den togra agus is mór againn freisin gur cuireadh litir (b) leis an abairt dheireanach d’Airteagal 10(2).

Mar sin féin, tar éis dul i gcomhairle le húdarás bainistíochta Interreg na hEorpa, molann an tSlóvaic an sampla coiteann iniúchóireachta Interreg a thabhairt isteach arís i Rialachán CFRE, bunaithe ar dhea-thaithí ón gclárthréimhse reatha. Molaimid airteagal ar leith maidir le sampla coiteann iniúchóireachta Interreg a chur le Rialachán nua CFRE/CC, mar a rinneadh i Rialachán Interreg 2021-2027.

Bunaithe ar dhea-thaithí ó chlárthréimhsí roimhe seo agus ar an aiseolas a fuarthas ó thairbhíthe, molaimid freisin comhrialacha incháilitheachta do chlár Interreg a thabhairt isteach arís i Rialachán CFRE. Dá bhrí sin, molaimid airteagal maidir le hordlathas na rialacha a áireamh sa Rialachán nó, de rogha air sin, an t-airteagal sin a áireamh sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 9(1), chun leanúnachas leis an gclárthréimhse roimhe seo agus coinníollacha trédhearcacha do thairbhíthe a áirithiú.

Tabhair do d’aire freisin gur scriosadh an abairt dheireanach d’Airteagal 8(3)(d) de Rialachán CFRE arna leasú le comhréiteach an 21 Bealtaine 2026 maidir le hincháilitheacht CBL: ‘*Chun críocha dealraitheachta agus réasúntachta, ní áireofar CBL in-aisghabhála i gcostais mheasta iomlána an bhirt*’; (d’imigh an abairt ón leagan nua ón 19 Meitheamh 2026 gan líne a chur tríd an téacs). Áirítear an riail atá i gceist sa Rialachán maidir le pleananna CNR, ach in Airteagal 22(2b)(d), nach bhfuil feidhm aige maidir le Interreg. Ní mór an tsaincheist maidir le hincháilitheacht CBL d’oibríochtaí Interreg a shoiléiriú.

I ndáil leis an méid sin, cuireann an tSlóvaic i dtreis a thábhachtaí atá sé an spás reachtach is gá a choinneáil chun a áirithiú go leanfaidh ailtireacht deiridh an chreata fhoriomláin de bheith oibríochtúil, comhsheasmhach go hinmheánach agus in-fhorfheidhmithe, agus go mbeidh sí in ann a cuspóirí a bhaint amach.
